C/2024/781

11.1.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11384 – Mercedes-Benz Group/BMW/JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/781)

1. An 19 Nollaig 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Mercedes-Benz Group China Ltd. ('MBGC', Daon-Phoblacht na Síne), faoi rialú Mercedes-Benz Group AG,

— BMW Brilliance Automotive Ltd. ('BBA', Daon-Phoblacht na Síne) faoi rialú Bayerische Motoren Werke Aktiengesellschaft.

Gheobhaidh MBGC agus BBA comhrialú ar chuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin caipiteal cláraithe a fháil i gcomhpháirt sa chuideachta nuachruthaithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá MBGC gníomhach i monarú agus díol gluaisteán paisinéirí agus veaineanna, agus i soláthar seirbhísí airgeadais, seirbhísí soghluaisteachta, páirteanna spártha, agus oibríonn sé ionaid taighde agus forbartha,

— I measc oibríochtaí gnó BBA tá taighde agus forbairt, soláthar, táirgeadh, díolacháin, agus seirbhísí iardhíola gluaisteán sa tSín.

3. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag an JV: Líonra bonneagair luchtaithe phoiblí a fhorbairt agus a oibriú le haghaidh carranna ceallra-chumhachtaithe sa tSín.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11384 – Mercedes-Benz Group/BMW/JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO.C 160, 5.Bealtaine.2023, lch. 1, , .

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË